**Inniu beidh muid ag foghlaim cúig fhíric iontacha faoi dhamháin alla.**

**Fíric a hAon**

Ní feithidí iad damháin alla, ainneoin go bhfuil siad ar mhéid feithide. Araicnidí a thugtar orthu. Níl ach dhá pháirt ina gcorp seachas trí pháirt. Is dhá phríomhpháirt atá ina gcoirp, ceifealatóracs agus bolg. Is araicnidí iad scairpeanna, fíneoga agus sceartáin freisin. Tá dath gorm ar fhuil damhán alla. Beireann damháin alla ar fheithidí ina líon chun iad a ithe.

**Fíric a Dó**

Is ar an talamh atá cónaí ar fhormhór na ndamhán alla, ach tá cónaí ar roinnt damhán alla san uisce agus ar an uisce. Sampla de dhamhán alla a bhfuil cónaí air mar sin é damhán an rafta. Is féidir leis na damháin alla rith ar dhromchla an uisce. De réir mar a ritheann damháin an rafta trasna an uisce, greamaíonn bolgáin aeir dá gcoirp agus dá gcosa clúmhacha. Cabhraíonn na bolgáin aeir sin leis a bheith ag snámh ar an uisce. Tógann damháin féir líon ar bharr an fhéir. Cruthaíonn a líonta cruth tonnadóra idir sifíní féir. Níl a líonta greamaitheach.

**Fíric a Trí**

An raibh a fhios agaibh nach ndéanann ach níos mó ná leath den speiceas damháin alla líonta. Tógann sé thart ar uair an chloig chun líon a dhéanamh. Is leacht atá le fáil i mbolg an damháin alla é an síoda. Nuair a scaoileann an damhán alla leis, éiríonn sé soladach agus cruthaítear snáithe. Itheann damháin alla áirithe an seanlíon sula gcruthaíonn siad líon nua. Is damháin alla iad damháin lín a athdhéanann a líon gach lá. Sin iarracht mhór. Déanann damháin alla líonta chun breith ar fheithidí le hithe. Chomh maith leis sin, úsáidtear líonta chun damháiníní, nó damháin alla óga, a chosaint. Nuair a bheireann damhán alla uibheacha, stórálann sí iad i sac síoda agus ansin ceanglaíonn sí é le líon chun iad a choinneáil sábháilte. Tá síoda damháin alla an-láidir. Is é an nós atá ag damháin alla nach ndéanann líonta, dul sa tóir ar chreach agus ionsaí a dhéanamh uirthi. Tugtar 'damháiníní' ar dhamháin alla óga.


**Fíric a Ceathair**

Bíonn ocht súil nó ceithre shúil ag an gcuid is mó de dhamháin alla. Baintear úsáid as an dá shúil mhóra chun tosaigh chun fad a mheas, agus ciallaíonn siad go bhfuil radharc soiléir ag damháin alla. Ar thaobh chloigeann an damháin alla tá dhá shúil bhreise a chabhraíonn leis an damhán alla gluaiseacht a thabhairt faoi deara. Cabhraíonn na súile beaga sin le damháin alla creachadóirí a thabhairt faoi deara. Uaireanta scanraítear daoine nuair a fheiceann siad feithidí beaga le hocht gcos agus le ceithre shúil. Deirtear go bhfuil "aracnafóibe" acu siúd a bhfuil imní neamhghnách roimh dhamháin alla orthu.

**Fíric a Cúig**

Tá an damhán alla is mó agus is lú ar domhan le fáil i Meiriceá Theas. Is é an Góiliat Éan-iteach an damhán alla is mó ar domhan. Deirtear go raibh réise choise 11 orlach ag an Góiliat Éan-iteach is mó a aimsíodh riamh agus go raibh sé 6 unsa meáchain. Is é Patu Digua an t-ainm atá ar an damhán alla is lú ar domhan. Tá an damhán alla beag bídeach seo le fáil sa Cholóim i Meiriceá Theas. Tá an Patu Digua cosúil le damhán alla óg agus níl sé ach .37 mm. Seans go mbeidh sé sách deacair an damhán alla seo a fheiceáil.

Tá súil agam gur bhain sibh taitneamh as an gcúig fhíric iontacha sin faoi dhamháin alla, feicfidh mé arís sibh.



LEARNING MOLE
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
EDUCATIONAL VOICE